Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2017
(OR. en)

14916/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0400 (COD)

| | |
|---|---|
| CODEC 1920 | CHIMIE 102 |
| INST 441 | AGRILEG 232 |
| JUR 561 | IND 338 |
| CLIMA 322 | COMPET 816 |
| TELECOM 316 | MAP 36 |
| DEVGEN 277 | POLARM 20 |
| EMPL 579 | COARM 303 |
| SOC 761 | CSDP/PSDC 670 |
| ENER 473 | CFSP/PESC 1072 |
| ENV 990 | CONSOM 374 |
| STATIS 85 | SAN 442 |
| ECOFIN 1039 | JUSTCIV 279 |
| DRS 74 | AVIATION 169 |
| EF 311 | TRANS 516 |
| MI 879 | MAR 222 |
| ENT 252 | UD 288 |

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5623/17 + ADD 1 REV 1, 10170/17 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht |

# I. RÉAMHRÁ

Sa Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr an 13 Aibreán 2016[1] (dá ngairfear 'CII' anseo feasta), "aithníonn na trí Institiúid go bhfuil gá leis an reachtaíocht uile atá ann cheana a ailíniú leis an gcreat reachtach a tugadh isteach le Conradh Liospóin, agus go háirithe an gá atá le hardtosaíocht a thabhairt d'ailíniú pras ar na gníomhartha bunúsacha uile atá fós ag tagairt don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú."[2]

Tá an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (dá ngairtear "NIRG" anseo feasta), fós le feiceáil i roinnt gníomhartha bunúsacha atá i bhfeidhm agus leanann sé d'fheidhm a bheith aige (i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán 182/2011) sna gníomhartha sin go dtí go leasófar iad agus go gcuirfear in oiriúint iad go foirmiúil do Chonradh Liospóin. I ndáil leis sin, thíolaic an Coimisiún dhá thogra chun na gníomhartha uile sin atá fágtha ina dtagraítear do NIRG a oiriúnú do Chonradh Liospóin. Le COM (2016)799 final[3] moltar 168 gníomh a oiriúnú lena gcumhdaítear 13 ranna éagsúla, agus le COM (2016)798 final[4] féachtar le 3 cinn de ghníomhartha a oiriúnú i réimse an Cheartais. Gníomhartha a bhfuil tagairt do NIRG iontu agus atá faoi réir athbhreithniú ar leith nó a bhfuil athbhreithniú á bheartú dóibh, ní áirítear sna Tograí iad[5].

D'fhonn leibhéal iomchuí comhordaithe agus cur chuige comhsheasmhach a áirithiú, chinn Uachtaránacht Mhálta an mheitheal "Cairde na hUachtaránachta" a ghníomhachtú chun scrúdú a dhéanamh ar na tograí agus measúnú a dhéanamh, i gcomhair gach gníomh dlíthiúil ar leith, ar an oiriúnú a bhí beartaithe ag an gCoimisiún. Ghníomhachtaigh COREPER Meitheal Chairde na hUachtaránachta ('Oiriúnú NIRG') an 1 Feabhra 2017[6].

---

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

2 Ibid, ag pointe 27.

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. 5623/17 + ADD 1 REV 1.

4 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. 5705/17 + ADD 1.

5 Chuir an Coimisiún liosta de na gníomhartha sin i bpointe 3 den Mheabhrán Míniúcháin de COM (2016) 799 final.

6 Féach 5707/17.

Chuir Meitheal Chairde na hUachtaránachta (Oiriúnú NIRG) (dá ngairfear CnU anseo feasta) tús le plé foirmiúil ar COM (2016)799 (dá ngairfear 'togra oiriúnaithe NIRG' anseo feasta) faoi Uachtaránacht Mhálta ar lena linn a tionóladh cúig chruinniú de chuid CnU, agus cuireadh tuarascáil ón Uachtaránacht ar an dul chun cinn[7] faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta i mí an Mheithimh 2017.

Pléadh togra oiriúnaithe NIRG le linn cúig cinn de chruinnithe CnU faoi Uachtaránacht na hEastóine, ar an 17 Iúil, ar an 21 Meán Fómhair, ar an 5 Deireadh Fómhair, ar an 7 Samhain agus ar an 1 Nollaig 2017. Dhírigh Uachtaránacht na hEastóine a cuid oibre ar na codanna eile de thogra oiriúnaithe NIRG nár pléadh faoi Uachtaránacht Mhálta, agus is é atá i gceist ná 90 gníomh sna Ranna seo a leanas, is é sin:

Roinn VII: EUROSTAT

Roinn XI: SOGHLUAISTEACHT AGUS IOMPAR

Roinn XII: SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT BIA

I bhfianaise thoirt thogra oiriúnaithe NIRG, lean Uachtaránacht na hEastóine den chleachtas a chur Uachtaránacht Mhálta ar bun, is é sin gur iarr an Uachtaránacht, roimh gach cruinniú de chuid CnU, ar na toscaireachtaí seasamh a chur in iúl ar bhonn an mheasúnaithe dhlíthiúil arna chur ar fáil ag an Uachtaránacht, le hionchur ó Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC), chun a mheasúnú an raibh gach cumhachtú sa togra ón gCoimisiún inghlactha ó thaobh dlí de i ndáil leis na ranna lena mbaineann. Chuir na toscaireachtaí a mbarúlacha in iúl i scríbhinn.

Dhírigh na cruinnithe ar na forálacha sin ar ceapadh go raibh gá le plé a dhéanamh ina leith. Maidir le forálacha dá raibh tacaíocht leathan ina leith i ndáil le measúnú tosaigh na hUachtaránachta sna barúlacha i scríbhinn, níor pléadh iad sna cruinnithe[8]. Tar éis gach cruinnithe, tháinig an Uachtaránacht ar ais chuig na toscaireachtaí le moltaí don dréachtú do leasuithe a raibh gá leo de réir chonclúidí sealadacha na gcruinnithe bunaithe ar sheasaimh na dtoscaireachtaí, idir an méid a cuireadh i scríbhinn agus a an méid a dúradh i gcruinnithe CnU.

[7] 10170/17.
[8] Forálacha sonracha nach raibh beartaithe iad a phlé, bhí na Ballstáit in ann iad a lua ag deireadh gach Roinne.

**<u>II. STAID REATHA NA hIARSCRÍBHINNE</u>**

<u>ROINN VII - EUROSTAT</u>

**Barúil chothrománach**: I dtaca le ré tharmligean na gcumhachtaí, i ngach cás sa roinn seo inar chinn an Uachtaránacht go sealadach gur thángthas ar chomhaontú maidir le gníomhartha tarmligthe, chinn an Uachtaránacht go sealadach ina theannta sin gur cheart tarmligean na gcumhachtaí a theorannú go cúig bliana, le hathnuachan intuigthe (rogha 2 san airteagal caighdeánach maidir le feidhmiú an tarmligin san aguisín a ghabhann le comhthuiscint IIA). Tiocfaidh an Uachtaránacht ar ais agus tabharfaidh sí moltaí maidir le dréachtú ina léirítear an toradh sin.

1. **Gníomh 55**, Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le suirbhé Comhphobail ar tháirgeadh tionsclaíoch a bhunú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach Gníomh 55 a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, i bhfianaise togra COM(2017) 114 final ón gCoimisiún, ar togra é sin chun Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 ón gComhairle a aisghairm.

2. **Gníomh 56**, Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir leis na haonaid staidrimh chun breathnú ar an gcóras táirgthe sa Chomhphobal agus chun anailís a dhéanamh air: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun an cumhachtú a bhaint.

3. **Gníomh 57**, Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le staidreamh gearrthréimhseach: Chinn an Uachtaránacht go sealadach Gníomh 57 a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, i bhfianaise togra COM(2017) 114 final ón gCoimisiún, ar togra é sin chun Rialachán (CEE) Uimh. 1165/98 ón gComhairle a aisghairm.

4. **Gníomh 58**, Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh cumhachtú amháin chun gníomhartha cur chun feidhme (IAnna) a ghlacadh agus go dtiocfadh sí ar ais, i gcás dhá chumhachtú eile, le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme.

5. **Gníomh 59**, Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh, maidir le dhá chumhachtú, comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. I gcás na gcumhachtuithe eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun cumhachtú amháin a bhaint, foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme (IAnna) i gcás cumhachtú eile agus foclaíocht shonrach a thabhairt isteach le go seachnófar ualach suntasach breise nó costais shuntasacha bhreise (dá ngairfear 'clásal coimirce' anseo feasta) i gcás cumhachtú amháin le haghaidh gníomhartha tarmligthe.

6. **Gníomh 60**, Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le tuairisceáin staidrimh i leith paisinéirí, lastas agus post a iompar d'aer: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. I gcás na gcumhachtuithe eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme (IAnna) i gcás cumhachtú amháin agus clásal coimirce a thabhairt isteach i gcás cumhachtú amháin le haghaidh gníomhartha tarmligthe.

7. **Gníomh 61**, Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le hinnéacs na gcostas saothair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le roinnt cumhachtuithe chun gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás cumhachtuithe eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme (IAnna) agus clásal coimirce a thabhairt isteach i gcás cumhachtú amháin le haghaidh gníomhartha tarmligthe.

8. **Gníomh 62**, Rialachán (CE) Uimh. 808/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le staidreamh an Chomhphobail i ndáil leis an tsochaí faisnéise: Chinn an Uachtaránacht go sealadach Gníomh 62 a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, i bhfianaise togra COM(2017) 114 final ón gCoimisiún, ar togra é sin chun Rialachán (CE) Uimh. 808/2004 a aisghairm.

9. **Gníomh 63**, Rialachán (CE) Uimh. 1161/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2005 maidir le tiomsú cuntas ráithiúil neamhairgeadais de réir na hearnála institiúidí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le dhá chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás dhá chumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus chun cumhachtú amháin a bhaint.

10. **Gníomh 64**, Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le staidreamh i ndáil le gairmoiliúint i bhfiontair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh cumhachtú amháin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus le haghaidh cumhachtú eile chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus clásal coimirce á thabhairt isteach, ag an am céanna, i gcás an chumhachtaithe eile sin. I gcás na gcumhachtuithe eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le roinnt gníomhartha cur chun feidhme agus chun an dá chumhachtú a bhaint, a bhfuil ceann amháin acu as feidhm.

11. **Gníomh 65**, Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Ath. 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

12. **Gníomh 66**, Rialachán (CE) Uimh. 458/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Aibreán 2007 maidir leis an gcóras Eorpach staidrimh iomlánaithe i ndáil le cosaint shóisialta (CESICS): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le cumhachtú amháin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Maidir le dhá chumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

13. **Gníomh 67**, Rialachán (CE) Uimh. 716/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le struchtúr agus le gníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche: Chinn an Uachtaránacht go sealadach Gníomh 67 a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, i bhfianaise togra COM(2017) 114 final ón gCoimisiún, ar togra é sin chun Rialachán (CE) Uimh. 716/2007 a aisghairm.

14. **Gníomh 68**, Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus chun cumhachtú amháin a bhaint.

15. **Gníomh 69**, Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh agus le haghaidh na Paireachtaí sin a ríomh agus a scaipeadh: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le cumhachtú amháin chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Maidir le dhá chumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme i gcás amháin agus, sa chás eile, chun inneachar an chumhachtaithe a roinnt ina eilimintí a bheadh le leagan síos le gníomhartha tarmligthe faoi chlásal coimirce agus ina eilimintí a mbaintear an cumhachtú ina leith.

16. **Gníomh 70**, Rialachán (CE) Uimh. 177/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 lena mbunaítear creat coiteann do chláir ghnó chun críocha staidrimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach Gníomh 70 a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, i bhfianaise togra COM(2017) 114 final ón gCoimisiún, ar togra é sin chun Rialachán (CE) Uimh. 177/2008 a aisghairm.

17. **Gníomh 71**, Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le staidreamh struchtúrach gnó: Chinn an Uachtaránacht go sealadach Gníomh 71 a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, i bhfianaise togra COM(2017) 114 final ón gCoimisiún, ar togra é sin chun Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 a aisghairm.

18. **Gníomh 72**, Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena mbunaítear aicmiú nua staidrimh ar tháirgí de réir gníomhaíochta (CPA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3696/93 ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an chumhachtaithe chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus chun teacht ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun clásal coimirce a thabhairt isteach le haghaidh an chumhachtaithe sin.

19. **Gníomh 73**, Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 i ndáil le staidreamh maidir le hoideachas agus le foghlaim ar feadh an tsaoil a tháirgeadh agus a fhorbairt: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le cumhachtú amháin chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Maidir leis an gcumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

20. **Gníomh 74**, Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le cumhachtú amháin chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. I gcás na gcumhachtuithe eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le roinnt gníomhartha cur chun feidhme agus chun cumhachtú amháin a bhaint.

21. **Gníomh 75**, Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

22. **Gníomh 76**, Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh fuinnimh: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le ceithre cinn de na cumhachtuithe chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Maidir leis an dá chumhachtú eile le haghaidh gníomhartha tarmligthe, chinn an Uachtaránacht go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófaí an togra ón gCoimisiún chun clásal coimirce a thabhairt isteach i gcás ceann amháin de na cumhachtuithe agus, a mhéid a bhaineann leis an gcumhachtú eile, a inneachar a roinnt ina eilimintí a bheidh le leagan síos le gníomhartha tarmligthe a mbaintear an cumhachtú ina leith.

23. **Gníomh 77**, Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

24. **Gníomh 78**, Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh i dtaca le lotnaidicídí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le cumhachtú amháin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Maidir le cumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme. Maidir le cumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach an plé a chur siar.

ROINN XI — SOGHLUAISTEACHT AGUS IOMPAR

**Barúil chothrománach:** I dtaca le ré tharmligean na gcumhachtaí, i ngach cás sa roinn seo inar chinn an Uachtaránacht go sealadach gur thángthas ar chomhaontú maidir le gníomhartha tarmligthe, chinn an Uachtaránacht go sealadach ina theannta sin gur cheart tarmligean na gcumhachtaí a theorannú go cúig bliana, le hathnuachan intuigthe (rogha 2 san airteagal caighdeánach maidir le feidhmiú an tarmligin san aguisín a ghabhann le comhthuiscint IIA). Tháinig an Uachtaránacht ar ais agus thug moltaí maidir le dréachtú ina léirítear an toradh sin.

25. **Gníomh 102**, Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le comhchuibhiú ceanglas teicniúil agus nósanna imeachta riaracháin i réimse na heitlíochta sibhialta: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go ndéantar foráil le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 Iarscríbhinn III (a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 agus lena mbaineann cumhachtú NIRG) a scriosadh.

26. **Gníomh 103**, Treoir 95/50/CE ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 1995 maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

27. **Gníomh 104,** Treoir 97/70/CE ón gComhairle an 11 Nollaig 1997 lena mbunaítear córas comhchuibhithe sábháilteachta le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad nó níos mó: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh cumhachtuithe chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

28. **Gníomh 105**, Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt do dhramhaíl a ghintear ar bord loinge agus d'iarmhar lasta: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an plé maidir le hoiriúniú NIRG an ghnímh sin a chur ar athló ós rud é go bhfuiltear ag súil go nglacfar togra nua ón gCoimisiún maidir leis an ngníomh sin go luath.

29. **Gníomh 106**, Treoir 2001/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2001 lena mbunaítear ceanglais agus nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le luchtú agus díluchtú sábháilte builciompróirí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

30. **Gníomh 107**, Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

31. **Gníomh 108**, Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

32. **Gníomh 109**, Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais shonracha cobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

33. **Gníomh 110**, Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar d'iompar earraí nó paisinéirí, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

34. **Gníomh 111**, Rialachán (CE) Uimh. 782/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le toirmeasc ar chomhdhúile organaitín ar bord long: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Maidir leis an gcumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

35. **Gníomh 112**, Treoir 2004/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hidirinoibritheacht na gcóras leictreonach dola bóthair sa Chomhphobal: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go cumhdaítear cumhachtú NIRG leis an togra athmhúnlaithe COM(2017) 280 final ón gCoimisiún freisin.

36. **Gníomh 113**, Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le híoscheanglais sábháilteachta le haghaidh tollán sa ghréasán bóithre tras-Eorpach: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a scriosadh.

37. **Gníomh 114**, Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus slándáil saoráidí calafort a fheabhsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

38. **Gníomh 115**, Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir leis na ceanglais árachais a bhaineann le haeriompróirí agus le hoibreoirí aerárthaí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

39. **Gníomh 116**, Rialachán (CE) Uimh. 789/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le longa lasta agus paisinéirí a aistriú idir cláir laistigh den Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 613/91 ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

40. **Gníomh 117**, Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le cosaint ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála a dhéanann díobháil d'aeriompróirí Comhphobail agus iad ag soláthar aersheirbhísí ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as togra oiriúnaithe NIRG, ós rud é go ndéantar foráil le togra COM(2017) 289 final ón gCoimisiún do Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ón gComhairle a aisghairm agus rialachán eile a chur ina ionad.

41. **Gníomh 118**, Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

42. **Gníomh 119**, Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne.

43. **Gníomh 120**, Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a tharraingt suas a bheidh faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra oibríochta, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2014/36/CE: I bhfianaise na caibidlíochta atá ar siúl maidir le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 a athbhreithniú, lenar tugadh leasuithe ar Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 20111/2005 isteach, chinn an Uachtaránacht go sealadach an plé faoin ngníomh sin a chur ar athló go dtí go nglacfar an t-athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 216/2008.

44. **Gníomh 121**, Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le gach cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cé is moite d'aon chumhachtú amháin. I gcás an chumhachtaithe sin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann an cumhachtú do ghníomhartha tarmligthe a choinneáil ach gnéithe áirithe a bhaint as, agus, dá bharr sin, an togra ón gCoimisiún a leasú tríd na gnéithe sin a scriosadh ón gcumhachtú lena mbaineann.

45. **Gníomh 122**, Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta agus Fuinnimh sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

46. **Gníomh 123**, Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le cumhachtú áirithe chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear leis an nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus i gcás cumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

47. **Gníomh 124**, Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go molann an Coimisiún le COM(2017) 548 athmhúnlú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh 1371/2007, lena cumhdaítear cumhachtú NIRG freisin.

48. **Gníomh 125**, Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

49. **Gníomh 126**, Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bhóithre a bhainistiú: Maidir le cumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Maidir leis an gcumhachtú eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

50. **Gníomh 127**, Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh dhá chumhachtú agus maidir le cumhachtú amháin a bhaint.

51. **Gníomh 128**, Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha coiteanna agus caighdeáin choiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus do ghníomhaíochtaí ábhartha riarachán muirí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

52. **Gníomh 129**, Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le dhá chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás aon chumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

53. **Gníomh 130**, Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair bóthair atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go cumhdaítear cumhachtú NIRG freisin le togra COM(2017) 653 final ón gCoimisiún, ar togra é lena leasaítear Treoir 2009/33/AE.

54. **Gníomh 131**, Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

55. **Gníomh 132**, Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás tionóiscí: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

56. **Gníomh 133**, Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go cumhdaítear cumhachtú NIRG freisin le togra COM(2017) 281 final ón gCoimisiún, ar togra é lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009.

57. **Gníomh 134**, Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go cumhdaítear cumhachtú NIRG freisin le togra COM(2017) 281 final ón gCoimisiún, ar togra é lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009.

58. **Gníomh 135**, Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go cumhdaítear cumhachtú NIRG freisin le togra COM(2017) 647 final ón gCoimisiún, ar togra é lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009.

ROINN XII — SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT BIA

**Barúil chothrománach**: I dtaca le ré tharmligean na gcumhachtaí, i ngach cás sa roinn seo inar chinn an Uachtaránacht go sealadach gur thángthas ar chomhaontú maidir le gníomhartha tarmligthe, chinn an Uachtaránacht go sealadach ina theannta sin gur cheart tarmligean na gcumhachtaí a theorannú go cúig bliana, le hathnuachan intuigthe (rogha 2 san airteagal caighdeánach maidir le feidhmiú an tarmligin san aguisín a ghabhann le comhthuiscint IIA). Tháinig an Uachtaránacht ar ais agus thug moltaí maidir le dréachtú ina léirítear an toradh sin.

59. **Gníomh 136**, Treoir 89/108/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia mear-reoite mar bhia don duine: I gcás aon chumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás an chumhachtaithe eile, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme.

60. **Gníomh 137,** Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bia a chóireáiltear le radaíocht ianaíoch: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le dhá chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é. I gcás aon chumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún tríd an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a scriosadh.

61. **Gníomh 138,** Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí leighis dílleachta: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

62. **Gníomh 139,** Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

63. **Gníomh 140,** Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le gach cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cé is moite d'aon chumhachtú amháin. I gcás an chumhachtaithe sin, chinn an Uachtaránacht go sealadach an plé a chur ar athló ós rud é go bhfuil an-chuid i gcoiteann ag an gcumhachtú sin agus cumhachtú i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 go dtí go gcuirfear bailchríoch ar an bplé ar na cumhachtuithe sin laistigh de Mheitheal na Comhairle um Chógaisíocht agus um Fheistí Leighis.

64. **Gníomh 141,** Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos na rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

65. **Gníomh 142,** Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é.

66. **Gníomh 143,** Treoir 2002/46/CE ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

67. **Gníomh 144,** Treoir 2002/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 lena leagtar síos caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta do bhailiú, do thástáil, do phróiseáil, do stóráil agus do dháileadh fola daonna agus comhábhair fola agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

68. **Gníomh 145,** Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

69. **Gníomh 146,** Treoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le dhá chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é. I gcás aon chumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

70. **Gníomh 147,** Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

71. **Gníomh 148,** Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus le lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus maidir le hinrianaitheacht táirgí bia agus táirgí beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

72. **Gníomh 149,** Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

73. **Gníomh 150,** Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

74. **Gníomh 151,** Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le salmonella agus le hoibreáin zónóiseacha bhia-iompartha eile a rialú: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, cé is moite d'aon chumhachtú amháin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás an chumhachtaithe sin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme le haghaidh gnéithe áirithe den chumhachtú, agus na gnéithe eile den chumhachtú á gcoinneáil do ghníomhartha tarmligthe.

75. **Gníomh 152,** Treoir 2004/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a leagan síos do dheonú, do sholáthar, do thástáil, do phróiseáil, do chaomhnú, do stóráil agus do dháileadh fíochán agus ceall daonna: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

76. **Gníomh 153,** Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le gach cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cé is moite d'aon chumhachtú amháin. Maidir leis an gcumhachtú sin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

77. **Gníomh 154**, Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

78. **Gníomh 155**, Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos na rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de thionscnamh ainmhíoch a ceapadh le caitheamh ag an duine: Chinn an Uachtaránacht go sealadach an gníomh sin a bhaint as beart oiriúnaithe NIRG, ós rud é go ndéantar Rialachán (CE) Uimh 854/2004 a aisghairm le Rialachán (AE) 2017/625.

79. **Gníomh 156**, Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le ceanglais a leagan síos i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

80. **Gníomh 157**, Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid péidiatraic agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1768/92, Treoir 2001/20/CE, Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás an chumhachtaithe eile chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, chinn an Uachtaránacht go sealadach an plé a chur ar athló ós rud é go bhfuil an-chuid i gcoiteann ag an gcumhachtú sin agus cumhachtú i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 go dtí go gcuirfear bailchríoch ar an bplé ar na cumhachtuithe sin laistigh de Mheitheal na Comhairle um Chógaisíocht agus um Fheistí Leighis.

81. **Gníomh 158**, Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

82. **Gníomh 159**, Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

83. **Gníomh 160**, Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le táirgí íocshláinte ardteiripe agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

84. **Gníomh 161**, Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastóscúcháin a úsáidtear i dtáirgeadh earraí bia agus comhábhar bia: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le dhá chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é. I gcás aon chumhachtú amháin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme agus chun gur féidir gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh infheidhme láithreach.

85. **Gníomh 162**, Treoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid imshrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. I gcás an chumhachtaithe eile chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun cuid amháin den Iarscríbhinn a choinneáil as an gcumhachtú.

86. **Gníomh 163**, Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le huiscí mianraí a shaothrú agus a chur ar an margadh: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir le gach cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, cé is moite d'aon chumhachtú amháin. I gcás an chumhachtaithe sin, chinn an Uachtaránacht go sealadach go dtiocfadh sí ar ais le moltaí maidir le dréachtú lena leasófar an togra ón gCoimisiún chun foráil a dhéanamh do ghníomhartha cur chun feidhme.

87. **Gníomh 164**, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

88. **Gníomh 165**, Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear maidir le gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach.

89. **Gníomh 166**, Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoir 82/471/CEE ón gComhairle , Treoir 83/228/CEE ón gComhairle, Treoir 93/74/CEE ón gComhairle, Treoir 93/113/CE ón gComhairle agus Treoir 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiúin: Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

90. **Gníomh 167**, Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe): Chinn an Uachtaránacht go sealadach go raibh comhaontú ann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear faoin nós imeachta práinne i gcás ina moltar é, agus maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

## III. CONCLÚIDÍ

91. Measann an Uachtaránacht go bhfuil dul chun cinn suntasach breise déanta maidir le togra oiriúnaithe NIRG agus tacaíocht shealadach a bheith ann do chur chuige maidir le 90 gníomh i Roinn VII, XI agus XII den Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra sin. Faoi Uachtaránacht na hEastóine, rinne Meitheal Chairde na hUachtaránachta an chéad scrúdú ar gach roinn den Iarscríbhinn a ghabhann le togra COM (2016)799 final ón gCoimisiún a thabhairt chun críche.

100. Is céim mhór chun tosaigh é sin sa phróiseas chun na cuspóirí sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a bhaint amach, go háirithe an gá atá le tús áite a thabhairt don ailíniú pras ar na gníomhartha bunúsacha uile lena dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, gá a aithníonn na trí institiúid (mír 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr).

Iarrtar ar COREPER agus ar an gComhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht thuasluaite a thabhairt dá n-aire.